**Comhairle Contae Mhuineacháin**

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)**

**Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2004 (arna leasú)**

# FÓGRA MAIDIR LE PLEAN FORBARTHA CONTAE MHUINEACHÁIN 2025-2031 A DHÉANAMH

Tugtar fógra leis seo de bhun Alt 12(12)(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) go ndearna Comhairle Contae Mhuineacháin, arb í an tÚdarás Pleanála don Chontae í, Plean Forbartha Contae Mhuineacháin 2025-2031 dá limistéar feidhme, ar an 26 Bealtaine 2025. Beidh éifeacht le Plean Forbartha Contae Mhuineacháin 2025-2031 ón 7 Iúil 2025.

Tugtar fógra freisin, faoi Airteagal 13I de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2004 (arna leasú), go bhfuil Ráiteas maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) ullmhaithe ina bhfuil achoimre ar:

(a) conas a rinneadh saincheisteanna comhshaoil a chomhtháthú sa Phlean;
(b) conas ar cuireadh na nithe seo a leanas san áireamh le linn an plean a ullmhú,
    (i) an Tuarascáil Timpeallachta arna hullmhú de bhun Airteagal 13C de na Rialacháin,
    (ii) aighneachtaí agus tuairimí a tugadh don Údarás Pleanála mar fhreagra ar na fógraí a tugadh faoi Alt 12(1) agus (7) den Acht, agus
    (iii) aon chomhairliúcháin faoi Airteagal 13F, de na Rialacháin;
(c) na cúiseanna leis an bPlean a roghnú, arna ghlacadh, i bhfianaise na roghanna réasúnacha eile ar déileáladh leo; agus
(d) na bearta a cinneadh chun faireachán a dhéanamh orthu, i gcomhréir le hAirteagal 13(J) de na Rialacháin, ar na héifeachtaí suntasacha comhshaoil a bhaineann le cur chun feidhme an Phlean.

Tá Cinneadh na Comhairle faoi Airteagal 6.3 den Treoir um Ghnáthóga maidir le cibé an mbeadh nó nach mbeadh tionchar diúltach ag an bPlean Forbartha ar shláine láithreáin Eorpaigh de réir Alt 177V(1) agus (6) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) freisin le haghaidh iniúchta.

Beidh cóipeanna de Phlean Forbartha Contae Mhuineacháin 2025-2031 (Ráiteas Scríofa, lena n-áirítear Aguisíní agus Léarscáileanna), an Tuarascáil Timpeallachta, an Ráiteas SEA, an Tuarascáil Tionchair Natura, an Cinneadh Measúnaithe Choinneálaithe, an Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte ar fáil lena iniúchadh ar https://monaghan.ie/planning/2025-2031-county-development-plan/ ón 3 Meitheamh 2025.

Beidh cóip chrua den cháipéisíocht ar fáil freisin lena scrúdú ón 3 Meitheamh 2025 ag an suíomh seo a leanas:

- An Oifig Pleanála, 1 Sráid Bhaile Átha Cliath, Baile Mhuineacháin, H18 X982 ó 9.15am-1.00pm agus 1.30pm-5.00pm

Beidh Plean Forbartha Contae Mhuineacháin 2025-2031 ar fáil le ceannach tríd an Roinn Pleanála tar éis dó teacht i bhfeidhm ar tháille shonraithe nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip nó cuid ábhartha den Phlean a dhéanamh.

Má theastaíonn faisnéis bhreise uait maidir le próiseas an Phlean Forbartha nó más mian leat labhairt le ball den Fhoireann um Pleanáil Chun Cinn, glaoigh ar 047 30532.

Cathal Flynn
Stiúrthóir um Fhorbairt Eacnamaíoch, Pleanáil agus Tionscadail Chaipitil
29th May 2025